# Bláthanna an tSamhraidh

## Eochairfhocail an cheachta seo:

- Feithidí
- lus mór
- an bláth troim
- anáil mhór
- deochanna
- nimhneach
- amhrán

## Anois, an féidir leat breathnú ar an gclár seo de Scoil Choille agus na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt?

1. Cad a dhéanann na páistí agus a dtuismitheoirí ag tús agus ag deireadh an mhachnaimh?
2. Cad is ainm don bhláth as a ndéanann Frank, an t-athair, deoch?
3. Cad a fhásann ar na bláthanna troim sa samhradh?
4. Cén dath atá ar an mbláth a fheiceann Gráinne, an mháthair, agus Síomha agus iad ar shiúlóid?
5. Cad iad na rudaí ón dúlra a úsáideann na páistí chun canbhás coille a dhéanamh?
6. Cad a dhéanann tú sa samhradh nuair a thagann deireadh leis an scoilbhliain?



Foghlaim TG4



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Bláthanna an tSamhraidh

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Dialann

10 Meitheamh 2024

A Dhialann dhil,

Cad é mar lá a bhí agam inniu. Tá tuirse an domhain orm anois. Bhí mé ag an Scoil Choille arís le mo thuismitheoirí agus le mo dheartháir Naoise inniu. Bhí lá álainn againn i dteannta a chéile. Ag tús an lae, rinneamar machnamh. Chuala mé rudaí áille ón nádúr agus mé ag déanamh machnaimh. Ansin, chuaigh mise agus mo mhamaí ar shiúlóid tríd an gcoill. Chonaiceamar lus mór ar an tsiúlóid agus dúirt mamaí liom a bheith cúramach agus gan mo lámh a leagan ar an lus mór mar tá sé nimhneach. Nuair a thángamar ar ais ón tsiúlóid rinneamar canbhás coille. Thaitin sé sin go mór liom mar is aoibhinn liom a bheith cruthaitheach. Ag deireadh an lae, mar is iondúil, chanamar amhrán álainn. Tá glór binn ag mo mhamaí, gan dabht. Sea, bhí lá den scoth agam arís inniu ag an Scoil Choille. Is fada liom go mbeidh an chéad lá eile agam sa Scoil Choille.

Oíche mhaith,

Síomha. xx

Ceisteanna eolais:

1. Cad a rinne Síomha lena teaghlach ag tús an lae ag an Scoil Choille?
2. Cá ndeachaigh Síomha lena mamaí tar éis an mhachnaimh?
3. Cén chomhairle a chuir mamaí Shíomha uirthi maidir leis an lus mór?
4. Cén fáth gur thaitin sé le Síomha an canbhás coille a dhéanamh?
5. Cad a rinne Síomha ansin lena teaghlach ag deireadh an lae sa Scoil Choille?

# Bláthanna an tSamhraidh

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Anois, tar éis duit an iontráil dialainne sin a léamh an féidir leat d'iontráil dialainne féin a scríobh faoi lá álainn a bhí agat agus tú amuigh faoin aer le duine/daoine speisialta i do shaol? Ná déan dearmad ar an dáta a scríobh ar bharr an leathanaigh!

Dáta:________________

A Dhialann dhil,

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

________

Oíche mhaith!

________________________________

# Bláthanna an tSamhraidh

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Anois, tar éis duit an iontráil dialainne sin a léamh an féidir leat d'iontráil dialainne féin a scríobh faoi lá álainn a bhí agat agus tú amuigh faoin aer le duine/daoine speisialta i do shaol? Ná déan dearmad ar an dáta a scríobh ar bharr an leathanaigh!

Dáta:_______________

A Dhialann dhil,

______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
______________________________________________________________________
________

Oíche mhaith!

______________________________

# Bláthanna an tSamhraidh

Freagraí:

1. Glacann siad anáil mhór isteach agus amach
2. An bláth troim
3. Sméara
4. Bándearg
5. Duilleoga agus caonach

1. Machnamh
2. Ar shiúlóid tríd an gcoill
3. Gan lámh a leagan air mar tá sé nimhneach
4. Mar is breá léi a bheith cruthaitheach
5. Chan siad amhrán.